



LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2016**

AN COIMISIÚN

Tá sa Coimisiún um Athchóiriú an Dlí 5 chomhalta, an tUachtarán agus 4 Choimisinéir eile.¹ In 2016, ba iad seo a leanas comhaltaí an Choimisiúin:

An Breitheamh Onórach John Quirke
Uachtarán

Finola Flanagan (Abhcóide) (go dtí an 29 Feabhra 2016)
Coimisinéir

Raymond Byrne (Abhcóide) (ón 14 Aibreán 2016)
Coimisinéir

Ann tOllamh Donncha O'Connell, Scoil an Dlí, OÉ, Gaillimh
Coimisinéir

Tom O'Malley (Abhcóide), Léachtóir Sinsearach, Scoil an Dlí, OÉ, Gaillimh
Coimisinéir

An Breitheamh Onórach Carmel Stewart
Coimisinéir

FOIREANN TAIGHDE AN CHOIMISIÚIN

Stiúrthóir Taighde:
Raymond Byrne (go dtí an 14 Aibreán 2016)²

An Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht:
Alma Clissmann

An Bainisteoir Cúnta um Rochtain ar Reachtaíocht:
Jane Murphy (go dtí an 31 Iúil 2016)
Kate Doran (ón 27 Meitheamh 2016)

TAIGHDEOIRÍ DLÍ3

Hanna Byrne, Lydia Bracken, Hugh Dromey, Niall Fahy, Owen Garvey, Sarah Keating, Finn Keyes, Karen McLaughlin, Meghan McSweeney, Claire O'Connell agus Fiona O'Regan.

¹ Maidir le téarmaí ceapacháin 5 chomhalta an Choimisiúin, féach Caibidil 4, thíos.

² Ceapadh an tOllamh Ciarán Burke ina Stiúrthóir Taighde i bhFeabhra 2017.

³ Níor fostaíodh gach aon taighdeoir dlí don bhliain iomlán féilire.

FOIREANN RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN⁴

Ceann an Riaracháin:	Deirdre Fleming
Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise:	Órla Gillen
Oifigigh Feidhmiúcháin:	Pearl Martin John Harding Brendan Meskell
Oifigeach Foirne:	Annmarie Cowley
Oifigeach Cléireachais:	Patricia Mooney Bríd Rogers

⁴ Níor fostaíodh gach aon bhall den fhoireann riaracháin taighde don bhliain iomlán féilire.

CLÁR ÁBHAR

BROLLACH	5
CAIBIDIL 1	
RÉAMHRÁ	
Léargas Ginearálta ar Obair an Choimisiúin in 2016	7
Feidhmeanna an Choimisiúin	8
Ráiteas Straitéise 2015-2017	8
Modhanna Oibre agus an Próiseas Comhairliúcháin	9
CAIBIDIL 2	
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ: CUR I bhFEIDHM AN CHEATHRÚ CLÁR UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ, CUR I GCRÍCH AN TRÍÚ CLÁR AGUS REACHTAÍOCHT A BHAINNEANN LE TOGRAÍ AN CHOIMISIÚIN	
Léargas Ginearálta	12
Athbhreithniú Mionsonraithe ar Obair agus Cur i bhFeidhm an Choimisiúin in 2016	13
Na Cúirteanna, Díl Poiblí agus Forfheidhmiú Rialála	13
An Díl agus an Nós Imeachta Coiriúil	15
An Díl Sibhialta agus Tráchtála	17
Díl na Fianaise	18
Díl na Talún, Comharbas agus Iontaobhais	20
Díl Teaghlaigh	21
CAIBIDIL 3	
ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT	
Réamhrá	22
Eolaire Reachtaíochta	22
Achtanna Leasaithe	23
Liosta Rangaithe Reachtaíochta	23
CAIBIDIL 4	
RIARACHÁIN	
Réamhrá	25
An Coimisiún	25
Coiste Bainistíochta	25
Foireann Riaracháin	26
Foireann Taighde agus Leabharlainne	26
Airgeadas	27
Socruithe Rialachais	27
An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit	28
Éifeachtúlacht Fuinnimh	30
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014	30
An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014	30
Aguisín 1	
Cairt Eagraíochta an Choimisiúin um Athchóiriú an Díl in 2016	31
Aguisín 2	
Rogha Imeachtaí an Choimisiúin um Athchóiriú an Díl in 2016	33

BROLLACH

Thar ceann an Choimisiún um Athchóiriú an Dlí, tá áthas orm ár dTuarascáil Bhliantúil don bhliain 2016 a chur i láthair.

I rith 2016, thug an Coimisiún na tionscadail chun críche a bhí le críochnú inár dTrí Clár um Athchóiriú an Dlí agus rinn sé dul chun cinn suntasach i dtreo chur i gcrích ár gCeathrú Clár.

I rith na bliana, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Chumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach* mhionsonraithe, ina moltar ár ndlí coiriúil a athchóiriú chun dul i ngleic le héagóir thromchúiseach sa limistéar seo. Moltar ann, chomh maith, go mbunaítear Coimisinéir reachtúil um Shábháilteacht Dhigiteach chun beartais chuimsitheacha a fhorbairt maidir le saoránacht dhearfach dhigiteach, anuas ar maoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta éifeachtacha um baint anuas, ag cur leis na próisis atá i bhfeidhm cheana féin. D'eascair an tionscadal seo as líon suntasach aighneachtaí a fuaireamar i rith ullmhú ár gCeathrú Clár a mhol go tréan gur ghá scrúdú a dhéanamh ar an ngné seo dár sochaí dhigiteach.

Thug an Coimisiún ár *dTuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Ghnéithe Dhlí na Fianaise* chun críche, chomh maith, in 2016. Chorpraigh seo na 3 Thionscadal deiridh a bhí fágtha ón Trí Clár um Athchóiriú an Dlí (maidir leis an riail chlostrácha, fianaise cháipéisíochta agus leictreonach, agus fianaise shaineolaí). Áiríodh leis an Tuarascáil, chomh maith, comhdhlúthú, le hathchóiriú, ar Achtanna Fianaise reatha, ar fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Saincheisteanna ina dtaobh. Faoi mar a bhíonn i gceist le gach ceann dár dTuarascálacha, chuireamar dréacht-Bhille Fianaise (Comhdhlúthú agus Athchóiriú) san áireamh chun éifeacht a thabhairt do na moltaí a rinneadh.

Chomh maith leis sins, d'fhoilsíomar 4 Pháipéar Saincheisteanna in 2016 maidir le tionscadail sa Cheathrú Clár, a bhain leis an méid seo a leanas: (1) Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha; (2) Alt 117 den Acht Comharbais, 1965; (3) Díspeagadh Cúirte agus Cionta agus Tortanna Eile lena mbaineann Riar an Chirt; agus (4) Inrochtaineacht, Comhdhlúthú agus Foilsiú Reachtaíochta ar Líne. Leanamar le dul chun cinn a dhéanamh ar na tionscadail seo a chur i gcrích i rith an chéad leath in 2017.

Leanann borradh ag teacht ar obair an Choimisiúin ar Rochtain ar Reachtaíocht agus le seirbhísí a bhfuil géarghá leo a sholáthar don phobal dlí agus mór, go suntasach trí rochtain ar bhreis agus 300 Acht leasaithe a sholáthar, arb ionann iad agus comhdhlúthú riaracháin d'Achtanna ina bhfoirm leasaithe.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomh-Choimisinéirí as ucht a dtiomantais, a n-oibre agus a dtacaíochta i rith 2016.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le agus a chur in iúl do mo chomh-Choimisinéirí as ucht an rannchuidithe ró-luachmhair a rinne an tUasal Finola Flanagan le hobair an Choimisiúin i rith a téarma oifig mar Choimisinéir lánaimseartha, agus guím rath leanúnach uirthi amach anseo.

Chomh maith leis sin, chuir mé fáilte chroíúil roimh cheapadh Raymond Byrne mar Choimisinéir lánaimseartha, a ceapadh i ndiaidh próiseas ceapachán poiblí faoi choimirce an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil agus na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Is mian liom aitheantas ar leith a thabhairt d'obair fhoireann bheag ach thiomanta an Choimisiúin - idir an fhoireann taighde agus riaracháin.

Mar Choimisinéir, táimid go mór faoi chomaoin an iomaí duine a chuireann barr feabhais ar agus a cabhraíonn leis an gCoimisiún chun a fheidhm a chomhlíonadh agus is rí-mhór againn an chomhairle agus an cúnamh deonach a fhaighimid ón iomaí duine aonair agus grúpa a ndeachaigh an Coimisiún i gcomhairle leo nó a ndéanann teagmháil gan choinne linn.

Is mór ag an gCoimisiún an comhoibriú agus an chúirtéis, chomh maith, a sholáthraíonn ranna agus oifigí Rialtais dó, ón Ard-Aighne agus ó Oifig an Ard-Aighne, agus ó ghníomhaireachtaí eile Rialtais agus neamhrialtasacha.

Ba shuntasach don obair a thug an Coimisiún chun críche i rith 2016 ach tá i bhfad níos mó le déanamh, agus tá an Coimisiún, a fhoireann agus a bhainistíocht meáite ar sheirbhís chuimsitheach agus Ceathrú Clár den scoth a sholáthar sula leanfar ar aghaidh chuig a Chúigiú Clár.

An Breitheamh Onórach John Quirke,
UACHTARÁN

Meitheamh 2017.

CAIBIDIL 1

RÉAMHRÁ

LÉARGAS GINEARÁLTA AR OBAIR AN CHOIMISIÚIN IN 2016

Faoin mbliain 2016, bhí tús curtha ag an gCoimisiún le hobair nó bhí obair críochnaithe aige ar gach ceann de na tionscadail sa 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí. As na 11 thionscadal sa 4ú Clár, ghabh forbairtí chun tosaigh ar 2 cheann, ó cuireadh an Clár i gcrích in 2013.⁵ Chuir an Coimisiún na 3 thionscadal eile a bhí le críochnú i gcrích in 2016, chomh maith, ón 3ú Clár um Athchóiriú an Dlí, a bhain le dlí na fianaise.

I measc na bpríomhforbairtí in 2016, bhí an méid seo a leanas.

- **Foilseacháin um athchóiriú an dlí**

In 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún na 2 Thuarascáil seo a leanas (ar áiríodh dréacht-Bhillí le gach ceann díobh) agus 4 Páipéar Saincheisteanna:

1. *Tuarascáil ar Chumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach* (CAD 116-2016). Moltar sa Tuarascáil seo comhdhlúthú agus athchóiriú an dlí choiriúil sa limistéar seo chun dul i ngleic le héagóir thromchúiseach, ar nós íospartaigh a náiriú d'aon turas agus teachtaireachtaí bagracha a sheoladh ar líne. Moltar ann, chomh maith, go mbunaítear Coimisinéir reachtúil um Shábháilteacht Dhigiteach chun beartais chuimsitheacha a fhorbairt maidir le saoránacht dhearfach dhigiteach, anuas ar maoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta éifeachtacha um baint anuas, ag cur, ach go háirithe, leis na próisis atá i bhfeidhm cheana féin laistigh de chuideachtaí meán sóisialta.
2. *Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Ghnéithe Dhlí na Fianaise* (CAD 117-2016). Chuimsigh seo na 3 Thionscadal deiridh a bhí fágtha ó Thríú Clár um Athchóiriú an Dlí an Choimisiúin (maidir leis an riail chlostrácha, fianaise cháipéisíochta agus leictreonach, agus fianaise shaineolaí). Cuimsítear sa Tuarascáil, chomh maith, comhdhlúthú, le hathchóiriú ar Achtanna Fianaise reatha, ar fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Saincheisteanna ina dtaobh.
3. *Páipéar Saincheisteanna maidir le Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha* (CAD IP 8-2016), ina dtéitear i ngleic le réimse saincheisteanna a thagann chun solais in dhá limistéar atá ceangailte lena chéile: cumhachtaí agus forfheidhmiú rialála sa chomhthéacs airgeadais agus geilleagrach agus dlíteanas corparáideach coiriúil.
4. *Páipéar Saincheisteanna ar Alt 117 den Acht Comharbais, 1965* (CAD IP 9-2016), ina dtéitear i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le soláthar ceart do leanaí, leanaí fásta ina measc, in uacht ag tuismitheoir a bhásaigh.
5. *Páipéar Saincheisteanna ar Dhíspeagadh Cúirte agus Cionta agus Tortanna Eile lena mbaineann Riar an Chirt* (CAD IP 10-2016), ina dtéitear i ngleic le saincheisteanna a bhaineann leis an dlí maidir le díspeagadh cúirte anuas ar limistéir ghaolmhara, ar nós maíte agus campháirtíochta (cistiú dlíthíochta tríú páirtí).
6. *Páipéar Saincheisteanna ar Inrochtaineacht, Comhdhlúthú agus Foilsiú Reachtaíochta ar Líne* (CAD IP 11-2016), ina bpléitear saincheisteanna a bhaineann le cén feabhsúcháin bhreise is féidir a dhéanamh chun an

⁵ Féach Caibidil 2, fonóta 6, thíos.

reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana ar líne, an úsáid is fearr a bhaint as TFC, ina theannta sin.

- **Rochtain ar reachtaíocht**

Áiríodh le hobair an Choimisiúin ar rochtain ar reachtaíocht i rith 2016 an méid seo a leanas:

1. Nuashonruithe ar an Eolaire Reachtaíochta, an t-innéacs ar líne d'athruithe reachtaíochta ar Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla, a nuashonraíodh aníos go dtí laistigh de 1-2 mhí.
2. Nuashonruithe ar bhreis agus 300 Acht Leasaithe, arb Achtanna iad arna leasú, ina léirítear athruithe a rinneadh ó achtaíodh iad, a nuashonraíodh aníos go dtí laistigh de dhá mhí.
3. Nuashonruithe ar an Liosta Rangaithe Reachtaíochta, ina bhfuil os cionn 2,000 Acht atá i bhfeidhm atá eagraithe faoi 36 teideal ábhair, a nuashonraítear dhá uair sa bhliain; agus foilsíú an chéad dréacht den Liosta Rangaithe d'Ionstraimí Reachtúla, a eagraítear ar an mbealach céanna.

FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN

Comhlacht reachtúil is ea an Coimisiún a bunaíodh faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975* a cheanglaíonn ar an gCoimisiún chun an dlí a choimeád faoi athbhreithniú agus chun tabhairt faoi thaighde ag féachaint leis an dlí a athchóiriú. Sainmhínítear gurb éard is athchóiriú an dlí:

- forbairt an dlí
- códú an dlí (a shimpliú agus a nuachóiriú ina measc)
- athbhreithniú agus comhdhlúthú an dlí reachtaigh

Ó bunaíodh é, d'fhoilsigh an Coimisiún breis agus 200 cáipéis (Páipéir Shaincheisteanna, Páipéir Chomhairliúcháin, Páipéir Oibre agus Tuarascálacha) ina gcuimsítear tograí le haghaidh athchóiriú an dlí. Tá fáil ar liosta iomlán de na foilseacháin ar láithreán gréasáin an Choimisiúin ag www.lawreform.ie ar a bhfuil gach foilseachán ar fáil lena íoslódáil saor in aisce.

Cláir um Athchóiriú an Dlí agus Iarrtaí ón Ard-Aighne

Tagann obair an Choimisiúin maidir le hathchóiriú an dlí ó 2 fhoinsé:

- Cláir um Athchóiriú an Dlí a d'ullmhaigh an Coimisiún agus ar ar chomhaontaigh an Rialtas agus a cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
- Iarrataí ón Ard-Aighne i dtaca le ceisteanna ar leith.

Ó bunaíodh é i 1975, d'oibrigh an Coimisiún faoi 4 Chlár um Athchóiriú an Dlí. D'fhaomh an Rialtas 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí an Choimisiúin an 8 Deireadh Fómhair 2013. Pléitear go mionsonraithe forbairtí i rith 2016 a bhaineann le hobair um athchóiriú an dlí an Choimisiúin i gCaibidil 2.

Rochtain ar Reachtaíocht

Ó 2006, b'éard a bhain le hobair an Choimisiúin ná an reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana don phobal. Pléitear forbairtí i rith 2016 ar an obair ar Rochtain ar Reachtaíocht i gCaibidil 3.

RÁITEAS STRAITÉISE 2015-2017

Soláthraítear i *Ráiteas Straitéise 2015-2017* an Choimisiúin, atá ar fáil ag www.lawreform.ie, an creat d'obair an Choimisiúin sa tréimhse trí bliana a

chumhdaítear. Léirítear sa Ráiteas Straitéise tuairimí an Choimisiúin ar an méid is gá a dhéanamh chun a rannchuidiú le hathchóiriú an dlí a uasmhéadú agus lena chinntiú go n-oibríonn an eagraíocht i leith éifeachtúlacht agus éifeachtacht optamach agus go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil. Is é Ráiteas Misin an Choimisiúin: “an dlí a choimeád faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolaí, chun moltaí iarmhartacha a dhéanamh d’athchóiriú an dlí agus chun an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do chách.” Ar chuma na n-iar-ráiteas, leagtar amach sa Ráiteas Straitéise príomhthosaíochtaí an Choimisiúin don tréimhse 2015-2017, freagrachtaí cuntasacht shoiléir chun na tosaíochtaí seo a bhaint amach.

Príomhchuspóirí sa Ráiteas Straitéise

Sainnithnítear i *Ráiteas Straitéise 2015-2017* 3 Phríomhchuspóir. Is iad seo:

Príomhchuspóir 1: Athchóiriú an Dlí

Athbhreithniú a dhéanamh ar an dlí agus tabhairt faoi thaighde ag féachaint le dlí na hÉireann a shimpliú, a nuachóiriú agus a chódú.

Príomhchuspóir 2: Rochtain ar Reachtaíocht

An reachtaíocht, ina staid reatha, a dhéanamh inrochtana gan stró ar líne don phobal, arna leasú, seachas arna achtú, agus chun faisnéis ghaolmhar a sholáthar.

Príomhchuspóir 3: Riarachán

Chun seirbhísí éifeachtacha, nua-aimseartha agus gairmiúla corparáideacha riaracháin agus gnó a sholáthar don Choimisiún d’fhonn tacú leis chun a chuspóirí a bhaint amach.

Leantar sa Tuarascáil Bhliantúil seo sraith na bPríomhchuspóirí seo.

MODHANNA OIBRE AGUS AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Tá obair an Choimisiúin bunaithe ar thaighde cúramach agus críochnúil. Is rí-mhór ag an gCoimisiún an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbíonn a thograí le haghaidh athchóiriú bunaithe ar chleachtas. Fad a ullmhaítear tograí, cuirtear comhairliúcháin ar bun le páirtithe leasmhara, cleachtóirí dlí, gairmithe ábhartha, comhlachtaí ionadaíochta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile, polaiteoirí agus comhaltaí an Rialtais agus Ranna agus Oifigí Rialtais, agus muintir an phobail ar mian leo teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún. Cuirtear tuairimí agus eispéiris na dteagmhálacha seo i gcuntas i bhfoilseacháin an Choimisiúin.

Modheolaíocht

Chun na spriocanna a bhaint amach a leagtar amach ina Chláir um Athchóiriú an Dlí agus iarrataí ón Ard-Aighne, sanntar gach tionscadal do thaighdeoirí a oibríonn faoi threoir ghinearálta an Stiúrthóra Taighde. I gcás na hoibre maidir le Rochtain ar Reachtaíocht, oibríonn taighdeoirí faoi stiúir an Bhainisteora agus an Bhainisteora Chúnta um Rochtain ar Reachtaíocht.

Tugann an Coimisiún faoina chuid oibre a dhéanamh agus a athbhreithniú de réir a Phlean Gnó bliantúil.

An próiseas comhairliúcháin, cruinnithe comhchéime, ceardlanna agus comhdhálacha ina measc

Baineann tábhacht phríomha le comhairliúchán i dtaobh obair an Choimisiúin. D’fhéadfadh roinnt foirmeacha a bheith i gceist leis seo, mar shampla, cruinnithe le saineolaithe nó cleachtóirí a oibríonn i limistéar ar leith, nó ionadaithe de ghrúpaí leasa. Ina theannta sin, déanann an Coimisiún cáipéisí comhairliúcháin a ullmhú agus

a fhoilsiú (ag tráthanna éagsúla ó 1975 ar aghaidh, dá dtagraítear mar Pháipéir Oibre, Páipéir Chomhairliúcháin agus Páipéir Shaincheisteanna). Soláthraíonn iad seo próiseas struchtúrach trína lorgaítear aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara. Cuirtear na haighneachtaí i gcuntas nuair a dhéantar an Tuarascáil deiridh a dhréachtú ar an ábhar, agus déileáiltear le haon saincheisteanna nó bhuarthaí a thugann siad chun solais sa Tuarascáil. Sula ndréachtaítear an Tuarascáil, is gnách go gcuirtear seimineár ar siúl a dtugann an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara chuige, iad siúd san áireamh a rinne aighneachtaí.

In 2016, chuir an Coimisiún 2 phlé comhchéime ar siúl i Márta le páirtithe leasmhara maidir le tionscadal an Choimisiúin maidir le dlí na fianaise, a chabhraigh go mór leis an gCoimisiún chun na moltaí a thabhairt chun críche sa *Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Ghnéithe Dhlí na Fianaise* (CAD 116-2016), a thug chun críche, chomh maith, na 3 thionscadal eile ón 3ú Clár um Athchóiriú an Dlí.

In Aibreán, chuir an Coimisiún ceardlann 2 lá ar bun le daoine óga, a d'éascaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, maidir le cumarsáid dhíobhálach ar líne, a d'imir tionchar ar an anailís a rinne an Coimisiún ina Thuarascáil *Tuarascáil ar Chumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach* (CAD 116-2016) (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 6).

Dhírigh comhdháil bhliantúil an Choimisiúin, a bhí ar siúl an 3 Samhain i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, ar na ceisteanna a phléitear sa *Pháipéir Saincheisteanna maidir le Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha* (CAD IP 8-2016) (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 1).

Cuireann an Coimisiún dréachtbhille san áireamh i ngach tuarascáil, áit a ndéanann sé moltaí óna dteastaíonn athrú reachtaíochta i gcomhréir lena shainchúram reachtúil faoi Acht 1975 chun dréacht-reachtaíocht a chur san áireamh nuair a bheartaíonn sé chun an dlí a athchóiriú.

Téann an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara i dtaca leis an obair maidir le Rochtain ar Reachtaíocht, Oifig an Ard-Aighne, ranna rialtais, an lucht dlí agus an pobal i gcoitinne ina measc siúd. Glacann an Coimisiún páirt ghníomhach in obair an Ghrúpa Ríomh-Reachtaíochta faoi choimirce Roinn an Taoisigh agus i bhforbairt leanúnach Leabhar Reachtanna leictreonach na hÉireann (eISB).

Chun inrochtaineacht a éascú, tá fáil ar gach foilseachán de chuid an Choimisiúin, comhairliúcháin ina measc, ar líne ar láithreán gréasáin an Choimisiúin nó an eISB.

Cumarsáid le ranna rialtais

Déanann an Coimisiún cumarsáid le ranna rialtais faoi thionscadail reatha agus amach anseo, araon. Casann an Coimisiún faoi dhó sa bhliain leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar cheisteanna comhspeise sa dlí coiriúil agus sibhialta araon.

Coiste Comhairliúcháin an Ard-Aighne

Cabhraíonn Coiste Comhairliúcháin an Ard-Aighne, a chabhraíonn le Clár um Athchóiriú an Dlí an Choimisiúin a fhorbairt agus tá ann ionadaithe de ranna rialtais áirithe, Comhairle Bharra na hÉireann, Dlí-Chumann na hÉireann agus Oifig an Ard-Aighne.

Cruinnithe le Coistí an Oireachtais

Cuireann an Coimisiún cruinnithe tréimhsiúla ar bun le Comhchoiste Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Oireachtais chun plé a dhéanamh ar chlár oibre an Choimisiúin. Casann an Coimisiún le Coistí eile an Oireachtais ó thráth go chéile.

Comhdhálacha, cuairteanna agus teagmháil leis na meáin

Freastalaíonn coimisinéirí agus an fhoireann taighde ar sheimineáir agus comhdhálacha go minic agus glacann siad páirt iontu.

Leantar le teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí um athchóiriú an dlí i ndlínsí eile, chomh maith, trí fhreastal ar sheimineáir ábhartha agus trí cuairteanna a éascú a thugann comhlachtaí eile um athchóiriú an dlí.

An 20 Eanáir 2016, chuir an Coimisiún toscaireacht ar siúl ó Oifig Dlí Phoblacht na Cipire. I measc chomhaltaí na dtoscaireachtaí, bhí an tUasal Demetris Lysandrou, an Dr Despina Kyprianou, an tUasal Elena Papageorgiou, an tUasal Elena Symeonidou agus an tUasal Despo Savvidou.

An 16 Meán Fómhair 2016, rinne an Coimisiún an tUasal Douglas While QC, Cathaoirleach Choimisiún Dlí na Nua-Shéalainne, agus iarbhreitheamh Chúirt Achomhairc na Nua-Shéalainne, a óstáil. Shocraigh an Coimisiún, sa mhullach air sin, cuairt don Uasal White ar an gCúirt Achomhairc, a d'éascaigh Uachtarán na Cúirte Achomhairc, an Breitheamh Onórach Seán Ryan agus a d'óstáil an Breitheamh Onórach Mary Finlay Geoghegan agus an Breitheamh Onórach Gerard Hogan.

Go ginearálta, gníomhaíonn Coimisinéirí a bhfuil ról chomhordaithe acu i dtionscadail ar leith agus an Stiúrthóir Taighde mar urlabhraithe don Choimisiún.

Cuimsítear in Aguisín 2 rogha d'imeachtaí an Choimisiúin, agallaimh a bhaineann leis na meáin, seimineáir agus cuairteanna a tugadh in 2016 ina measc.

CAIBIDIL 2

ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ: CUR I BHFEIDHM AN 4Ú CLÁR UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ, CUR I GCRÍCH AN 3Ú CLÁR AGUS REACHTAÍOCHT A BHAINNEAN LE TOGRAÍ AN CHOIMISIÚIN

LÉARGAS GINEARÁLTA

(1) Foilseacháin um athchóiriú an dlí in 2016

Faoin mbliain 2016, bhí tús curtha ag an gCoimisiún le hobair nó bhí obair críochnaithe aige ar gach ceann de na tionscadail sa 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí. As na 11 thionscadal sa 4ú Clár, ghabh forbairtí chun tosaigh ar 2 cheann, ó cuireadh an Clár i gcrích in 2013.⁶ Chuir an Coimisiún na 3 thionscadal eile a bhí le críochnú i gcrích in 2016, chomh maith, ón 3ú Clár um Athchóiriú an Dlí, agus chuir siad tús le hobair ar iarraidh a rinne an tArd-Aighne. Pléitear iad seo go mionsonraithe thíos.

In 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún na 2 Thuarascáil seo a leanas (ar áiríodh dréacht-Bhillí le gach ceann díobh) agus 4 Páipéar Saincheisteanna:

1. *Tuarascáil ar Chumarsáid Dhíobhálaigh agus Sábháilteacht Dhigiteach* (CAD 116-2016) (An 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 6). Moltar sa Tuarascáil seo comhdhlúthú agus athchóiriú an dlí choiriúil sa limistéar seo chun dul i ngleic le héagóir thromchúiseach, ar nós íospartaigh a náiriú d'aon turas agus teachtaireachtaí bagracha a sheoladh ar líne. Moltar ann, chomh maith, go mbunaítear Coimisinéir reachtúil um Shábháilteacht Dhigiteach chun beartais chuimsitheacha a fhorbairt maidir le saoránacht dhearfach dhigiteach, anuas ar maoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta éifeachtacha um baint anuas, ag cur, ach go háirithe, leis na próisis atá i bhfeidhm cheana féin laistigh de chuideachtaí meán sóisialta.
2. *Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Ghnéithe Dhlí na Fianaise* (CAD 117-2016) (An 3ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadail 7, 8 agus 11). Cuimsítear sa Tuarascáil seo na 3 Thionscadal deiridh ó Thriú Clár um Athchóiriú an Dlí an Choimisiúin (Tionscadal 7 maidir le fianaise cháipéisíochta agus leictreonach, agus Tionscadal 8 maidir leis an riail chlostrácha agus Tionscadal 11 maidir le fianaise shaineolaí). Cuimsítear sa Tuarascáil, chomh maith, comhdhlúthú, le hathchóiriú ar *Achtanna Fianaise* reatha, ar fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Saincheisteanna ina dtaobh in 2013.
3. *Páipéar Saincheisteanna maidir le Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha* (CAD IP 8-2016) (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 1), ina dtéitear i ngleic le réimse saincheisteanna a thagann chun solais in dhá limistéar atá ceangailte lena chéile: cumhachtaí agus forfheidhmiú rialála sa chomhthéacs airgeadais agus geilleagrach agus dliteanas corparáideach coiriúil.
4. *Páipéar Saincheisteanna ar Alt 117 den Acht Comharbais, 1965* (CAD IP 9-2016) (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 7, Modúl 2), ina dtéitear i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le soláthar ceart do leanaí, leanaí fásta ina measc, in uacht ag tuismitheoir a bhásaigh.
5. *Páipéar Saincheisteanna ar Dhíspeagadh Cúirte agus Cionta agus Tortanna Eile lena mbaineann Riar an Chirt* (CAD IP 10-2016) (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 4), ina dtéitear i ngleic le saincheisteanna a bhaineann leis

⁶ Ghabh achtú *an Achta um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017* chun tosaigh ar Thionscadal 2 sa 4ú Clár (a bhaineann le cionta gnéasacha a bhaineann le leanaí). Ghabh cáipéis bheartais an Rialtais Éire a Atógáil: *Plean Gníomhaíochta Tithíochta agus Easpa Dídine* (2016) chun tosaigh agus achtú *an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus Tionóntachtaí Cónaithe, 2016* ar Thionscadal 9 (a bhaineann le dlí tiarnaí talún agus tionóntaí).

an dlí maidir le díspeagadh cúirte anuas ar limistéir ghaolmhara, ar nós maíte agus campháirtíochta (cistiú dlíthíochta tríú páirtí).

6. *Páipéar Saincheisteanna ar Inrochtaineacht, Comhdhlúthú agus Foilsiú Reachtaíochta ar Líne* (CAD IP 11-2016) (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 11), ina bpléitear saincheisteanna a bhaineann le cén feabhsúcháin bhreise is féidir a dhéanamh chun an reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana ar líne, an úsáid is fearr a bhaint as TFC, ina theannta sin.

(2) Cur i bhfeidhm thograí an Choimisiúin in 2016

B'éard a bhain leis an reachtaíocht seo a leanas, a achtaíodh nó atá faoi bhreithniú in 2016, cur i bhfeidhm moltaí a rinne an Coimisiún: *an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciontuíthe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016 agus an Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2015* (a achtaíodh in 2017). D'fhoilsigh an Rialtas roinnt Scéimeanna Billí (nó Cinn Bhillí) chomh maith a bhaineann le moltaí an Choimisiúin. Ina measc seo, tá: Scéim *Bille um Cheartas Coiriúil (Smachtbhannaí Pobail)*, Scéim *Bille um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí*, Scéim *Bille Chomhdhlúite um Fhoréigean Baile* (a fhoilsítear mar *An Bille um Fhoréigean Baile, 2017*) agus Scéim *Bille um Idirghabhála agus Réitigh* (a fhoilsítear mar *An Bille Idirghabhála, 2017*). Ó thráth go chéile, foilsítear Billí Comhaltaí Príobháideacha d'fhonn na dréacht-Bhillí a chur i bhfeidhm Billí i dTuarascálacha an Choimisiúin.⁷ Áirítear le láithreán gréasáin an Choimisiúin www.lawreform.ie mír ina gcuimsítear láithreán gréasáin ar chur i bhfeidhm Thuarascálacha an Choimisiúin, a nuashonraítear ar bhonn rialta.

ATHBHREITHNIÚ MIONSONRAITHE AR OBAIR AGUS CUR I BHFEIDHM AN CHOIMISIÚIN IN 2016

Pléitear an t-ábhar sa chuid seo den chaibidil faoi na 6 theideal ghinearálta seo a leanas:

1. Na Cúirteanna, Dlí Poiblí agus Forfheidhmiú Rialála (lch 13-15).
2. An Dlí agus an Nós Imeachta Coiriúil (lch 15-17).
3. An Dlí Sibhialta agus Tráchtála (lch 17).
4. Dlí na Fianaise (lch 17-19).
5. Dlí na Talún, Comharbas agus Iontaobhais (lch 19-20).
6. Dlí Teaghlaigh (lch 20).

1. NA CÚIRTEANNA, DLÍ POIBLÍ AGUS FORFHEIDHMIÚ RIALÁLA

1.(a) Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha

In 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Saincheisteanna maidir le Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha* (CAD IP 8-2016) (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 1). Lorg é seo agus chuathas i ngleic ann seo le réimse saincheisteanna a tháinig chun solais in dhá limistéar cheangailte: cumhachtaí agus forfheidhmiú rialála sa chomhthéacs airgeadais agus geilleagrach agus dlíteanas corparáideach coiriúil. Rinneadh scrúdú sa pháipéar, ar an gcéad dul síos, cé acu an leordhóthanach nó nach leordhóthanach cumhachtaí maoirseora agus forfheidhmithe phríomhrialálaithe airgeadais agus geilleagracha an Stáit (ar nós an Bhainc Cheannais, ComReg, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus

⁷ Le blianta beaga anuas, achtaíodh líon beag Billí ó Chomhaltaí Príobháideacha (PMBanna) ach tá breis agus 25 bliain imithe tharainn ó d'eascair PMB a achtaíodh as Tuarascálacha an Choimisiúin. Cuireadh tús leis an Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989 agus an *tAcht Uchtála, 1991* mar Bhillí ó Chomhaltaí Príobháideacha, agus bhain cur i bhfeidhm Thuarascálacha an Choimisiúin leo.

Stiúrthóir Forfheidhmithe Chorparáidigh) nó an gá smachtbhannaí agus comhordú níos éifeachtaí idir na rialálaithe siúd a chur leo. Rinneadh scrúdú sa Pháipéar, chomh maith, ar cé acu an ann nó nach ann do bhearnaí sa dlí coiriúil, go háirithe maidir le calaois, is gá a líonadh d'fhonn freagairt níos éifeachtaí d'éagóir thromchúiseach i measc comhlachtaí corparáideacha, agus cé acu an ann nó nach ann d'údar chun cion i dtaobh trádáil mheargánta a thabhairt isteach.

Dhírigh comhdháil bhliantúil an Choimisiúin, a bhí ar siúl an 3 Samhain i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, ar an tionscadal seo. Ba é an tOllamh Christopher Hodges, Ollamh le Córais Cheartais, Lárionad an Léinn Shochdhlíthiúil, Ollscoil Oxford an príomhchainteoir maidir le cumhachtaí agus forfheidhmiú rialála; agus d'fhreagair an tUasal Derville Rowland, Stiúrthóir Forfheidhmithe, Banc Ceannais na hÉireann agus an tOllamh Colin Scott, Ollamh le Rialáil agus Rialachas an AE, UCD, Scoil Dlí Sutherland, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath air. Ba é an príomhchainteoir maidir le dliteanas corparáideach agus cionta coiriúla an tOllamh David Ormerod, Ollamh le Ceartas Coiriúil, Ollscoil Londan agus Coimisinéir Dlí le Coimisiún Dlí Shasana agus na Breataine Bige; agus d'fhreagair an Dr Imelda Higgins, Abhcóide, Comhpháirtí Sinsearach, Aturnaetha McCann FitzGerald, Baile Átha Cliath agus an tOllamh Irene Lynch-Fannon, Scoil an Dlí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. D'fhreastail breis agus 100 toscaire ar an gcomhdháil, a rinne rannchuidiú suntasach, chomh maith, i rith na bhfóram oscailte i ngach seisiún.

1.(b) Cur i bhfeidhm Oibleagáidí Idirnáisiúnta sa Dlí Intíre

I rith 2016, d'fhorbair an Coimisiún dréachtfhardal oibleagáidí idirnáisiúnta agus dréacht-Phlépháipéar maidir leis an tionscadal a bhaineann le cur i bhfeidhm oibleagáidí idirnáisiúnta sa dlí intíre (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 10). Beartaíonn an Coimisiún chun an fardal agus an Plépháipéar a fhoilsiú maidir leis an tionscadal seo i rith 2017, a thabharfaidh an obair sa tionscadal seo chun críche.

1.(c) Comhdhlúthú agus Codú an Dlí

In 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Saincheisteanna maidir le hInrochtaineacht, Comhdhlúthú agus Reachtaíocht a Fhoilsiú ar Líne* (CAD IP 11-2016) (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 11). Déantar plé ann seo ar shaincheisteanna a bhaineann le cén feabhsúcháin is féidir a dhéanamh chun an reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana ar líne, an úsáid is fearr a bhaint as TFC, ina theannta sin.

Déantar cur síos sa Páipéar Saincheisteanna ar conas a tháinig feabhsúcháin shuntasacha le blianta beaga anuas ar an reachtaíocht, ina foirm achtaithe, a chur ar fáil saor in aisce ar ar líne, ar Leabhar Reachtanna na hÉireann (an eISB), atá faoi bhainistiú Oifig an Ard-Aighne, agus ar Fhaireachlann Reachtaíochta Thithe an Oireachtais. Anuas air sin, tá an téacs iomlán breis agus 300 Acht ar láithreán gréasáin an Choimisiúin, ina leagtar amach iad ina bhfoirm leasaithe agus chothrom le dáta (ar a dtugtar Achtanna Leasaithe), agus déanann sé gach leasú a rianú a dhéantar ar gach Acht (tá an obair seo ar fáil, chomh maith, ar an eISB).

Tugtar chun suntais, áfach, sa Pháipéar Saincheisteanna

- go bhfuil os cionn 3,000 Acht i bhfeidhm (arb ionann breis agus 1,000 díobh agus Achtanna a achtaíodh roimh 1922 sular bunaíodh an Stát),
- leasaíodh tromlach mór na nAchtanna seo go leor uaireanta, ach
- seachas i gcás na 300+ Acht Leasaithe ar láithreán gréasáin an Choimisiúin, is rí-dheacair an reachtaíocht chothrom le dáta a rianú ar go leor ábhar gan go leor ama a chaitheamh leis seo a dhéanamh.

Tugtar faoi deara sa Pháipéar gur léir nach bhfuil seo sásúil ó roinnt peirspictíochtaí, ina measc:

- an dearcadh bunreachtúil nó dearcadh riail an dlí: tá sé ríthábhachtach go mbíonn rochtain ag gach duine ar an dlí faoi mar atá sé faoi láthair; agus
- an dearcadh geilleagrach: príomhchuid de bheartas an Stáit maidir le hathchóiriú rialála agus na costais chomhlíonta atá ar ghnó a dhéanamh a laghdú.

Téitear i ngleic sa Pháipéar, ar an ábhar sin, a mhéid a d'fhéadfadh líon limistéar, ar nós cláir phleanáilte chomhdhlúthaithe, agus an teicneolaíocht a uasmhéadú i bhfoilsíú reachtaíochta ar líne, feabhas a chur ar inrochtaineacht na reachtaíochta in Éirinn.

1.(d) Seirbhís Ghiúiré

Luadh i Seisiún Fhómhar-Gheimhreadh Chlár Reachtaíochta an Rialtais (Mír C) go bhfuil *Bille Giúiré* le foilsíú le Tuarascáil an Choimisiúin, *Tuarascáil ar Sheirbhís Ghiúiré* (CAD 107-2013) (an 3ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 1) a chur i bhfeidhm, ina gcuimsítear moltaí fadréimseacha i dtaobh athchóiriú an dlí maidir le seirbhís ghiúiré, a leagtar amach faoi láthair in *Acht na nGiúiréithe, 1976*. Cuireadh moladh sa Tuarascáil i bhfeidhm maidir le giúróirí breise i dtrialacha fadálacha trí leasú ar Acht na nGiúiréithe, 1976 arna dhéanamh ag *an Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*.

1.(e) Réiteach Malartach Díospóide: Idirghabháil

Luadh i Seisiún Fhómhar-Gheimhreadh Chlár Reachtaíochta an Rialtais (Mír B) go bhfuil *Bille Giúiré* le foilsíú le Tuarascáil an Choimisiúin, *Tuarascáil ar Réiteach Malartach Díospóide: Idirghabháil agus Idir-Réiteach* (CAD 98-2010) an 3ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 5) a chur i bhfeidhm. In 2017, d'fhoilsigh an Rialtas *an Bille Idirghabhála, 2017* atá curtha faoi bhráid an Oireachtais ag tráth scríofa na tuarascála seo.

1.(f) Comhdhlúthú agus Athchóiriú Achtanna na gCúirteanna

Luadh i Seisiún Fhómhar-Gheimhreadh Chlár Reachtaíochta an Rialtais (Mír C) go bhfuil *Bille na gCúirteanna (Comhdhlúthú agus Athchóiriú)* le foilsíú, a chuirfeadh Tuarascáil an Choimisiúin, *Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Achtanna na gCúirteanna* (CAD 97-2010) an 3ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 6) i bhfeidhm. In 2017, d'fhógair an Roinn Dlí agus Cirt agus an tSeirbhís Chúirteanna gur bunaíodh Grúpa Oibre maidir le nósanna imeachta Sibhialta, a dhéanfadh scrúdú ar athchóiriú nósanna imeachta sibhialta, agus aird ar Thuarascáil 2010 an Choimisiúin, i measc ceisteanna eile.

2. AN DLÍ AGUS AN NÓS IMEACHTA COIRIÚIL

2.(a) Cumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach

In 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Chumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach* (CAD 116-2016) (An 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 6).

Tugtar faoi deara sa Tuarascáil gur chruthaigh an réabhlóid i dteileachumarsáid agus sna meáin dhigiteacha tairbhí ollmhóra dearfacha, mar gheall gur éascaigh sé foirm nua de shochaí ar líne agus dhigiteach agus gur chuir sé ar chumas againn, chomh maith, chun páirt a ghlacadh ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta sa tsochaí sibhialta agus i ndioscúrsa poiblí, go ginearálta. Shaothraigh an tsaoirse seo roinnt

gnéithe diúltacha, áfach. Ar na samplaí, tá náiriú íospartaigh d'aon turas a dhéanamh ar dhaoine aonair, ar a dtugtar “pornagrafaíocht díoltais”, amanna. Ar fhorbairtí diúltacha eile, tá teachtaireachtaí imeaglacha agus bagracha ar líne atá dírithe ar dhaoine príobháideacha agus ar phearsana poiblí. Tá saghas nua de ghliúcaíocht arna éascú ag an teicneolaíocht dhigiteach, ar a dtugtar “grianghraf a ghlacadh ó bhun an sciorta aníos” (nó “upskirting” as Béarla). Anuas air sin, is iomaí cás a thit amach de chiapadh agus de stalcaireacht ar líne agus dhigiteach, arb ionann iad, go pointe áirithe, agus na leaganacha réamhdhigiteacha den iompar díobhálach seo. Cuimsítear sa Tuarascáil moltaí chun an dlí coiriúil (a théann i ngleic cheana féin le roinnt den chumarsáid dhíobhálach seo, seachas é go léir), anuas ar chóras nua maoirseachta reachtúla a chuirfeadh sábháilteacht dhigiteach dhearfach chun cinn agus a thacódh leis.

I dtaca leis an dlí coiriúil, moltar sa tuarascáil go n-achtaítear 2 chion choiriúla nua chun déileáil le hiomhánna collaí a chur in airde ar líne gan toiliú. Tá an chéad chion le déileáil le hiompar náirithe íospartaigh d'aon turas ina gcuirtear íomhánna collaí in airde gan toiliú, ar minic go ndéantar seo i ndiaidh gur chlis caidreamh (ar a dtugtar “pornagrafaíocht díoltais”). Déileálann an dara cion nua le grianghraif nó físeáin chollaí a chur in airde agus tá sé le déileáil le saghas nua de ghliúcaíocht, ar a dtugtar go minic “grianghraf a ghlacadh ó bhun an sciorta aníos” (“upskirting”) nó “grianghraf a ghlacadh ó bharr an bhlúis anuas” (“down-blousing”).

Moltar sa Tuarascáil athchóirithe a dhéanamh ar an gcion reatha ciaptha, lena chinntiú go n-áirítear leis gníomhaíocht ar líne, ar nós próifílí bréagacha meán sóisialta a chur in airde; agus gur cheart go mbeadh cion ar leith stalcaireachta ann, arb ionann sin, i bhfírinne, agus foirm ionsaitheach de chiapadh. Moltar sa Tuarascáil, chomh maith, go n-athchóirítear an cion reatha ina seoltar teachtaireachtaí bagracha agus imeaglacha, arís eile, lena chinntiú go gcuimsíonn sé na saghsanna is tromchúisí d'imeaglú ar líne.

I dtaobh an ghá atá le córas reachtúil maoirseachta, moltar sa Tuarascáil go mbunaítear Coimisinéir reachtúil um Shábháilteacht Dhigiteach, atá bunaithe ar a mhacasamhail d'oifigí san Astráil agus sa Nua-Shéalainn. B'ionann feidhm ghinearálta an Choimisinéara agus sábháilteacht dhigiteach a chur chun cinn, agus bheadh ról tábhachtach oideachais aige/aici, ina theannta sin, chun saoránacht dhearfach dhigiteach a chur chun cinn i measc leanaí agus daoine óga, i gcomhar leis an Ombudsman do Leanaí agus gach comhpháirtí oideachais. Moltar sa Tuarascáil go n-áireofaí le ról an Choimisinéara um Shábháilteacht Dhigiteach Cód Cleachtais reachtúil maidir le Sábháilteacht Dhigiteacha fhoilsiú. Chuirfeadh seo leis na nósanna imeachta agus na caighdeáin reatha neamhreachtúla um baint anuas atá forbartha cheana féin ag an earnáil ar líne agus dhigiteach, láithreáin mheán sóisialta ina measc. Leagfaí amach sa Chód caighdeáin lena gcomhaontaítear go náisiúnta maidir le sonraí faoi nós imeachta éifeachtúil um baint anuas.

Faoin gcóras reachtúil a bheartaítear, d'iarrfadh daoine aonair ar láithreán meán sóisialta go díreach, i dtosach chun ábhar díobhálach a bhaint i gcomhréir le hamlínte comhaontaithe: tá seo cosúil leis an gcóras reachtúil atá i bhfeidhm san Astráil. Mura gcomhlíonadh láithreán meán sóisialta na caighdeáin sa Chód Cleachtais, d'fhéadfadh an duine aonair achomharc a dhéanamh, ina dhiaidh sin, leis an gCoimisinéir um Shábháilteacht Dhigiteach, a d'fhéadfadh láithreán meán sóisialta a ordú chun na caighdeáin sa Chód a chomhlíonadh. Mura gcomhlíonadh láithreán meán sóisialta ordú an Choimisinéara um Shábháilteacht Dhigiteach, d'fhéadfadh an Coimisinéir iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Chuarda ar ordú cúirte a cheanglaíonn comhlíonadh.

2.(b) Pianbhreitheanna ar Fionraí

I rith 2016, d'fhorbair an Coimisiún dréachtpháipéar ar a thionscadal maidir le pianbhreitheanna a cuireadh ar fionraí (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 5). Scrúdaíonn an tionscadal seo na prionsabail a chuireann sin cúirteanna i bhfeidhm nuair a dhéantar cinneadh faoi cé acu pianbhreith ar fionraí a ghearradh nó gan é a ghearradh. Déileáiltear le roinnt gnéithe den phianbhreith ar fionraí in alt 99 den *Acht um Cheartas Coiriúil, 2006* (arna leasú). Cuirfidh an tionscadal le hobair a rinne an Coimisiún roimhe seo sa limistéar seo, an anailís a rinne sé ar phrionsabail a phianbhreithe ina measc ina *Thuarascáil ar Phianbhreitheanna Éigeantacha* (CAD 108-2013) (a d'eascair as iarraidh a rinne an tArd-Aighne). Beartaíonn an Coimisiún chun Páipéar Saincheisteanna a fhoilsiú ar an tionscadal seo in 2017.

2.(c) Cionta Gnéasacha: Cumas chun Toiliú agus Nochtadh Tríú Páirtí

Tugadh san áireamh i gCuid 3 den *Bhille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2015*, a phléann le gníomhartha gnéasacha le daoine faoi chosaint (daoine nach bhfuil ar a gcumas toiliú a thabhairt do ghníomhartha gnéasacha), *Tuarascáil ar Chionta Gnéasacha agus Cumas chun Toiliú* (CAD 109-2013) (an 3ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadail 12 agus 14) de chuid an Choimisiúin. Cuireadh i bhfeidhm in Alt 39 (i gCuid 6) de *Bhille 2015*, maidir le taifid tríú páirtí a nochtadh i dtrialacha áirithe, moltaí i bhfeidhm sa *Tuarascáil ar Nochtadh agus Fionnachtain i gCásanna Coiriúla* (CAD 112-2014) (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 2) de chuid an Choimisiúin. Achtaíodh Bille 2015 mar an *tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017*.

2.(d) Ciontuithe Spíonta

Cuireadh i bhfeidhm san *Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016* na príomh-mholtaí in *Tuarascáil ar Chiontuithe Spíonta* (CAD 84-2007) (an 2ra Clár um Athchóiriú an Dlí, tionscadal 10) de chuid an Choimisiúin. Cuireadh moill ar achtú Acht 2016, a tugadh isteach mar an *Bille um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta), 2012*, d'fhonn a fhoráil go raibh sé go hiomlán comhoiriúnach don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, an cinneadh a rinneadh sa chás i *Sasana R (T) v Chief Constable of Greater Manchester Police*,⁸ á chur san áireamh, ach go háirithe, inar áitíodh nach raibh gnéithe áirithe de reachtaíocht chomhoiriúnach na Breataine, *The Rehabilitation of Offenders Act 1974*, comhoiriúnach don cheart i leith chosaint na beatha faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún.

3. AN DLÍ SIBHIALTA AGUS TRÁCHTÁLA Clúmhillleadh agus tuairisciú cúirte

In 2016, chuir an Coimisiún tús le hobair ar iarraidh ón Ard-Aighne, a rinneadh i gcomhréir le halt 4(2)(c) den *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, chun scrúdú a dhéanamh ar mhéid agus scóip na pribhléide iomláine in alt 17(2)(i) den *Acht um Chlúmhillleadh, 2009* a bhaineann le tuairisc chóir agus chruinn ar imeachtaí cúirte. Tugadh chun solais in iarraidh an Ard-Aighne an cheist maidir le cé acu, agus aird ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbíonn imeachtaí cúirte inrochtana don phobal trí na meáin, ar chúí nó nár chúí a fhoráil go bhféadfadh tuairisc chúirte nach dtagann faoi chuimsiú scóip alt 17(2)(i) a bheith faoi réir pribhléid cháilithe, dá ainneoin sin, mura mbíonn mailís i gceist; agus cé acu ar cheart nó nár cheart go dteastódh cead ón gcúirt ó aon mhaíomh a bhaineann le pribhléid cháilithe den saghas sin sula leantar ar aghaidh leis.

⁸ [2013] EWCA Civ 25, [2014] UKSC.

4. DLÍ NA FIANAISE

In 2016, chuir an Coimisiún a *Thuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Ghnéithe Dhlí na Fianaise* (CAD 117-2016) (an 3ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadail 7, 8 agus 11) i gcrích. Cuimsítear sa Tuarascáil seo na 3 thionscadal a bhí le críochnú ó Thriú Clár um Athchóiriú an Dlí an Choimisiúin, agus, ar an ábhar sin, thug sé obair an Choimisiúin chun críche faoin 3ú Clár. Áiríodh leis an Tuarascáil, chomh maith, comhdhlúthú, le hathchóirithe, ar *Achtanna Fianaise* reatha. Eascraíonn an tuarascáil ó 4 pháipéar comhairliúcháin a d'fhoilsigh an Coimisiún, a dhéileálann le: (a) fianaise chlostrácha, (b) fianaise cháipéisíochta agus leictreonach, (c) fianaise shaineolaí agus (d) comhdhlúthú na *nAchtanna Fianaise* reatha. Cheadódh an dréacht-*Bhille Fianaise (Comhdhlúthú agus Athchóiriú)*, atá iarcheangailte leis an Tuarascáil, dá gcuirfí i bhfeidhm é, an aisghairm ina hiomláine, agus 18 Acht Fianaise (le hathchóirithe), arb Achtanna a achtaíodh roimh 1922 15 cinn díobh, a chur ina ionad.

Áirítear leis an Tuarascáil, chomh maith, dréacht-*Bhille Fianaise (Comhdhlúthú agus Athchóiriú)* (ina gcuimsítear 110 alt) chun na 87 moladh a chur i bhfeidhm sa Tuarascáil. Cé nárbh ionann an dréacht-*Bhille* seo, dá n-achtófaí é, agus códú iomlán dhlí na fianaise, bhainfeadh céim shuntasach chun cinn leis i dtreo códú (a dtacaíonn an Coimisiún leis). Seo a leanas na príomh-mholtaí sa Tuarascáil:

4.(a) Clostrácht, taifid ghnó ina measc

Tacaíonn an Tuarascáil leis an tábhacht leanúnach a bhaineann le príomhphrionsabal dhlí na fianaise, gur cheart go mbeifí in ann fianaise, go ginearálta, a thástáil sa chúirt, go háirithe trí chroscheistiú. Níl fianaise chlostrácha (a shainmhínítear sa Tuarascáil agus sa dréacht-*Bhille* mar ráiteas, cé acu ó bhéal nó i gcáipéis, a dhéanann duine i gcúirt nach dtugtar finné air/uirthi agus a chuirtear i láthair i gcúirt le fírinne an fhórais nó na bhfóras a dhearbhaítear sa ráiteas a chruthú), go ginearálta, incheadaithe mar gheall nach féidir í a thástáil trí chroscheistiú. Atreisiónn an ceanglas bunreachtúil atá ann i dtaobh nósanna imeachta córa leis an gcur chuige seo atá á ghlacadh leis na cianta.

D'fhorbair na cúirteanna roinnt eisceachtaí a cheadaíonn glacadh le clostrácht i bhfianaise le himeacht na mblianta. Moltar sa Tuarascáil nár cheart d'fhianaise chlostrácha a bheith incheadaithe, cé acu i gcásanna sibhialta nó coiriúla, faoi na heisceachtaí seo (ar nós admhálacha, a bhíonn faoi réir go leor ionchúisimh thábhachtacha) nó faoi na hathchóirithe a bheartaítear le haghaidh taifid ghnó, a phléitear thíos.

Moltar sa Tuarascáil, go ginearálta, gur cheart a mheas gurb ionann taifid ghnó (cé acu más taifid leictreonacha nó ar pháipéar iad, ar nós ríomhphost nó litreacha) a bheith incheadaithe i gcásanna sibhialta agus coiriúla araon (faoi réir ceanglais nós imeachta lena chinntiú go mbíonn na taifid iontaofa). Tá taifid ghnó, ar nós taifid ospidéal le haghaidh cásanna díobhálacha pearsanta, ar an bhfoirm is coitianta a thugtar ar aird d'fhianaise chlostrácha.

Trí thaifid ghnó a dhéanamh incheadaithe i gcásanna sibhialta, agus a mheas go bhfuil siad inghlactha, chomh maith, ní bhraithfeadh glacadh leis na taifid i bhfianaise a thuilleadh ar chomhaontú na bpáirtithe, nach mbaintear amach amanna ach nuair a bhíonn an cás ar tí tosú, agus féadfaidh finné, ar an ábhar sin, bheith ar feitheamh lena dheimhniú gur cuireadh an taifead i dtoll a chéile i gceart i gcúrsa an ghnó. Ba cheart go gcabhródh na hathruithe seo, ar an ábhar sin, leis an gcostas a bhíonn ar thrialacha coiriúla a laghdú, trialacha casta, ach go háirithe, agus imeachtaí sibhialta, chomh maith, caingne maidir le díobhálacha pearsanta ina measc.

Tugtar faoi deara sa Tuarascáil go raibh taifid ghnó inghlactha i gcásanna coiriúla ó achtaíodh an *tAcht um Fhianaise Choiriúil, 1992*, ach mar gheall go mbainfeadh an toimhde i leith inghlacthachta a bheartaítear sa Tuarascáil le cásanna coiriúla, chomh

maith, d'fhéadfadh seo an gá, mar shampla, atá le Gardaí ar fuireachas i rith trialach lena dheimhniú gur chomhlíon taifead scríofa ar leith na ceanglais i dtaobh taifid ghnó.

D'eascródh sraith shingil rialacha soiléire as na hathchóirithe a bheartaítear a bhaineann le taifid ghnó do chásanna coiriúla agus sibhialta araon, agus cheadódh seo meascán de dhlíthe forluíteacha sa limistéar seo a ionadú, *an tAcht um Fhianaise Choiriúil*, 1992 ina measc (a bhíonn i gceist i gcásanna coiriúla amháin) agus *The Bankers' Books Evidence Act, 1879* (arna leasú), a bhíonn i gceist i gcásanna coiriúla agus sibhialta araon, ach nach mbaineann ach le taifid bhanc ceadúnaithe).

4.(b) Fianaise cháipéisíochta agus leictreonach

Pléitear sa Tuarascáil na dúshláin a thagann aníos i gcásanna sibhialta agus coiriúla araon ina gcuirtear líonta móra de cháipéisí i láthair i bhfianaise (go háirithe cáipéisí a ghintear go leictreonach), agus molann an Coimisiún, ar an ábhar sin, faoi réir na cosanta oiriúnaí (bunaithe orthu siúd atá i bhfeidhm le go leor blianta anuas san Astráil agus sa Nua-Shéalainn), gur féidir achoimre ar na cáipéisí móra a úsáid leis na cáipéisí siúd a chruthú, in ionad na gcáipéisí féin.

Moltar sa Tuarascáil, maidir le sínithe leictreonacha atá mar chuid de go leor idirbheart atá ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí, níor cheart go mbeadh ceanglas ginearálta ann chun ardsíniú leictreonach a úsáid bunaithe ar Bhonneagar Eochrach Poiblí (PKI), agus nár cheart an ceanglas sin a ordú ach ar bhonn cás ar chás.

Moltar sa Tuarascáil, chomh maith, gur cheart an éifeacht dhlíthiúil chéanna a thabhairt do shíniú leictreonach a chomhlíonann Rialachán 2014 an AE maidir le Seirbhísí Aitheanta Leictreonaí agus Iontaoibhe d'Idirbhearta Leictreonacha (Rialachán e-IDAS) a thugtar do shíniú lámhscríofa agus, ar an ábhar sin, ba cheart dó bheith inghlactha ar an mbonn céanna.

4.(c) Fianaise shaineolaí

Moltar i dTuarascáil an Choimisiúin, d'fhonn an riosca a sheachaint go bhféadfaí caitheamh le saineolaí mar "gníomhaire fostaithe" an pháirtí a fhostaíonn é nó í, ba cheart na 4 phríomhdhualgas seo a leanas a bhíonn ar fhinné saineolach, cé acu má bhíonn fianaise á tabhairt aige/aici i gcás sibhialta nó coiriúil, a leagan amach sa reachtaíocht:

- dualgas uileghabhálach ar an gcúirt chun fianaise fhíreannach, neamhspleách agus neamhchlaonta agus shaineolaí a thabhairt;
- dualgas chun na fíricí agus na toimhdí a lua (agus, sa chás gurb ábhartha, aon bhun-mhodheolaíocht eolaíochta) ar a bhfuil a fhianaise nó a fianaise bunaithe agus chun é nó í féin a chur ar an eolas go hiomlán ar aon fhíric a d'fhéadfadh baint óna fhianaise nó óna fianaise';
- dualgas nach mbíonn aon rud eile i gceist lena fhianaise nó lena fianaise seachas ceisteanna laistigh de scóip a shaineolais nó a saineolais; agus
- dualgas atá ar a pháirtí nó a páirtí ordaithe chun gníomhú le cúram, scil agus dícheall cuí, dualgas san áireamh chun aire réasúnta a thabhairt nuair a dhréachtaítear aon tuarascáil scríofa.

Chun an bhéim a leagan ar thábhacht na ndualgas seo, moltar sa Tuarascáil, má theipeann ar shaineolaí iad a chomhlíonadh, féadfaidh cúirt a rialú go bhfuil a fhianaise nó a fianaise neamh-inghlactha.

Mar gheall gur deacair údar a thabhairt leis an díolúine a thugtar do shaineolaí ó agairt a dhéanamh air/uirthi (agus cuireadh deireadh leis an díolúine seo i roinnt dlínsí, an Ríocht Aontaithe ina measc), moltar sa Tuarascáil gur cheart deireadh a chur leis an díolúine. Moltar sa Tuarascáil, chomh maith, áfach, gur cheart foráil reachtúil a chur ina ionad nár cheart go mbeifí in ann agairt ar shaineolaí ach má thugtar an fhianaise

ar bhealach atá fíor-fhaillíoch, is é sin, nach mbaineann an caighdeán cúraim amach a mbítear ag súil leis ón saineolaí sin.

Moltar sa Tuarascáil, chomh maith, gur cheart don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais cóid chleachtas reachtúla a fhoilsiú d'fhinnéithe saineolaí, a ullmhaíonn grúpa ionadaíoch de dhaoine a bhfuil eolas oiriúnach acu ar na limistéir ábhartha; agus go gceanglófaí ar fhinnéithe saineolaí ábhair an chóid chleachtas sin a chomhlíonadh.

4.(d) Achtanna Fianaise a chomhdhlúthú agus a athchóiriú

Anuas ar mholtaí a dhéanamh chun gnéithe de dhlí na fianaise a athchóiriú a phléitear thuas, áirítear leis an Tuarascáil scrúdú ar 18 *Acht Fianaise*, ar achtaíodh 15 cinn díobh roimh bhunú an Stáit i 1922. Molann an Coimisiún gur cheart roinnt de na *hAchtanna Fianaise* seo a aisghairm mar gheall go bhfuil siad imithe as feidhm, agus ba cheart cinn eile a choimeád faoi réir nuashonrú oiriúnach, faoi mar a fhoráiltear i ndrúacht-Bhille an Choimisiúin a áirítear leis an Tuarascáil.

I measc na nAchtanna a achtaíodh roimh 1922 a scrúdaítear sa Tuarascáil, tá *The Oaths Acts, 1888 agus 1909* a fhorálann nach mór fianaise a thabhairt i gcúirt cé acu trí mhíonn a thabhairt chun an fhírinne a insint ar théacs reiligiúnach nó trína mhíonnú chun an fhírinne a insint trí dhearbhu. Tá an éifeacht chéanna dhlíthiúil ag míonn agus dearbhú, chun críocha cúiseamh i leith míonn éithigh, chomh maith, ach ceanglaítear in Achtanna 1888 agus 1909 nach mór don duine ar mian leis nó léi fianaise a thabhairt trí dhearbhu a lua nach bhfuil aon chreideamh reiligiúnach aige nó aici. Moltar sa Tuarascáil gur cheart d'fhinné leanúint le fianaise a thabhairt cé acu faoi mhíonn nó trí dhearbhu, ach nár cheart a cheangal ar dhuine a roghnaíonn chun fianaise a thabhairt trí dhearbhu a lua nach bhfuil aon chreideamh reiligiúnach aige nó aici.

5. DLÍ NA TALÚN, COMHARBAS AGUS IONTAOBHAS

5.(a) Dlí comharbais

In 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Saincheisteanna ar Alt 117 den Acht Comharbais, 1965* (CAD IP 9-2016) (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 2, Modúl 2). Foráiltear in Alt 117 d'Acht 1965 gur féidir leanbh, leanbh fásta ina measc, le tuismitheoir marbh a rinne uacht, iarratas a dhéanamh ar an gcúirt ar dhearbhu gur theip ar an tuismitheoir ina "dualgas morálta chun soláthar ceart a thabhairt don leanbh" i gcomhréir le maoin an tuismitheora i rith shaolré an tuismitheora, cé acu in uacht an tuismitheora nó ar bhealach eile. Má chomhaontaíonn an chúirt leis gur theip ar an tuismitheoir an dualgas a chomhlíonadh chun soláthar ceart a dhéanamh don leanbh, féadfaidh sí ordú a dhéanamh don leanbh as eastát an tuismitheora mhairbh. Pléitear sa Pháipéar Saincheisteanna roinnt ceisteanna, an méid seo a leanas ina measc: cé acu ar cheart nó nár cheart alt 117 d'Acht 1965 a leasú chun na ceisteanna a fhorordú ar cheart don chúirt aird a thabhairt orthu nuair a dhéantar cinneadh faoi cé acu ordú a dhéanamh nó gan ordú a dhéanamh faoi; cé acu ar cheart alt 117 a shíneadh chun iarratais ag leanaí tuismitheoirí a cheadú a fuair bás go díthiomnach (is é sin, gan uacht a bheith déanta acu); agus cé acu ar cheart nó nár cheart tréimhse theorann le haghaidh iarratas faoi alt 117 a mhéadú agus/nó cé acu ar cheart nó nár cheart go mbeadh an lánrogha ag na cúirteanna chun í a shíneadh. I mBealtaine 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Alt 117 den Acht Comharbais, 1965: Gnéithe Soláthair do Leanaí* (CAD IP 118-2017). Chríochnaigh an Tuarascáil seo obair an Choimisiúin sa tionscadal seo, i ndiaidh gur fhoilsigh sé a *Thuarascáil ar Thairbhe a bhaint ó Dhúnbhású a Chosc* (CAD 114-2015) (An 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 7, Modúl 1).

5.(b) Dlí ceannaigh éigeantaigh

I rith 2016, chuir an Coimisiún tús le hobair ar an tionscadal i dtaca le dlí ceannaigh éigeantaigh (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 8). Is éard a bhainfidh leis an tionscadal seo comhdhlúthú, soiléiriú agus athchóiriú na rialacha agus na bprionsabail maidir le talamh a fháil go héigeantach. Meastar go bhfuil an próiseas reatha casta, fadálach agus costasach gan gá a bheith leis agus gurbh é cuspóir an tionscadail chun córas cóir, éifeachtach agus éifeachtúil a chur i bhfeidhm. Anuas air sin, eascraíonn an dlí reatha as go leor píosaí éagsúla reachtaíochta agus bíonn rialacha éagsúla i gceist, ag brath ar shaghas an ordaithe ceannaigh éigeantaigh (OCÉ) a bhíonn i gceist, cé acu má bhaineann sé le leictreachas, iarnróid, bóithre nó ceisteanna eile. Achtaíodh go leor den reachtaíocht ábhartha sular bunaíodh an Stát, *The Lands Clauses Consolidation Act, 1845*, *The Railways Clauses Consolidation Act, 1845* agus *The Acquisition of Land (Assessment of Compensation) Act, 1919* ina measc. I measc na gceisteanna a chuimsítear sa tionscadal beidh: simpliú, comhdhlúthú agus códú an dlí; na prionsabail chun measúnú a dhéanamh ar thalamh a fháil nó leasanna i dtalamh; teorainneacha ama chun OCÉ a chur i bhfeidhm; agus aighneachtaí ó thríú páirtithe nach bhfuil a dtalamh á héadáil. Beartaíonn an Coimisiún chun Páipéar Saincheisteanna a fhoilsiú ar an tionscadal seo faoi dheireadh 2017.

5.(c) Tiarna talún agus tionónta

Luadh i Seisiún Fhómhar-Gheimhreadh Chlár Reachtaíochta an Rialtais 2016 (Mír C), i ndiaidh gur foilsíodh in 2012 Scéim *Bille Tiarnaí Talún agus Tionóntaí* (a d'eascair as *Tuarascáil ar an Dlí Tiarnaí Talún agus Tionóntaí* de chuid an Choimisiúin (CAD 85-2007) an 2ra Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 23), tá *Bille Tiarnaí Talún agus Tionóntaí* le foilsiú.

5.(d) An Dlí Iontaobhais agus The Settled Land Acts

Luadh i Seisiún Fhómhar-Gheimhreadh Chlár Reachtaíochta an Rialtais 2016 (Mír C) go bhfuil *Bille Iontaobhas* le foilsiú a chomhdhlúthódh agus a d'athchóireodh *The Trustee Act, 1893*, a chuireann i gcuntas *Tuarascáil ar an Dlí Iontaobhais: Tograí Ginearálta* (CAD 92-2008) de chuid an Choimisiúin agus obair an Choimisiúin ar a thionscadal ar an Dlí Iontaobhais agus The Settled Land Acts (an 3ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 21), a eascraíonn ó aisghairm *The Settled Land Acts ag an Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009*.

6. DLÍ TEAGHLAIGH

Foréigean Baile

Luadh i Seisiún Gheimhreadh-Fhómhar Chlár Reachtaíochta an Rialtais 2016 (Mír A) go bhfoilseofaí *Bille um Fhoréigean Baile*. In 2017, d'fhoilsigh an Rialtas *an Bille um Fhoréigean Baile, 2017* atá curtha faoi bhráid an Oireachtais, ag tráth scríofa na tuarascála seo. Cuirtear san áireamh i mBille 2017 moltaí an Choimisiúin sa *Tuarascáil ar Ghnéithe Foréigean Baile* (CAD 111-2013) (an 3ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 24).

CAIBIDIL 3 ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT

RÉAMHRÁ

Leasaítear dlí na hÉireann go minic d'fhonn gur féidir athrú suntasach teacht ar an reachtaíocht, faoi mar a achtaíodh í, le himeacht ama. Tá obair an Choimisiúin ar Rochtain ar Reachtaíocht in ainm is é a dhéanamh níos fusa ar gach úsáideoir agus ar dhaoine eile, chun teacht ar an dlí faoi mar atá sé faoi láthair, seachas faoi mar a bhí sé i dtosach báire. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, tugann an Coimisiún faoi 3 phríomhthasc, an tEolaire Reachtaíochta, Achtanna Leasaithe agus an Liosta Rangaithe Reachtaíochta.

Innéacs ar líne de na hathruithe reachtaíochta a rinneadh, Achtanna roimh-1922 atá i bhfeidhm go fóill ina measc, atá san **Eolaire Reachtaíochta**. Cuireann sé ar chumas na leasuithe a shainaithint a imríonn tionchar ar phíosa reachtaíochta, nuair a dhéantar forálacha a aisghairm, chomh maith, agus tugann sé le fios má theastaíonn ordú tosach feidhme a chur i bhfeidhm ó fhoráil. Ón mbliain 1996 ar aghaidh, liostaítear orduithe agus Ionstraimí Reachtúla gaolmhara eile a rinneadh faoi chumhachtaí in Acht, chomh maith. I rith 2016, coimeádadh é cothrom le dáta laistigh de mhí nó dhó.

Anuas air sin, déanann an Coimisiún **Achtanna Athbhreithnithe** a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú a léiríonn gach Acht leasaithe agus gach ceann dá leasuithe a nótáil go hiomlán in aon cháipéis amháin. Cuireann seo ar chumas an léitheora an dlí a fheiceáil faoi mar atá sé, faoi láthair, anuas ar fhaisnéis faoi leaganacha roimhe seo, cén forálacha nó leasuithe a tosaíodh agus cathain a tosaíodh iad, agus iad siúd nár tosaíodh go fóill.

Cuireann an **Liosta Rangaithe Reachtaíochta** ar chumas úsáideoirí chun teacht ar an reachtaíocht atá á lorg acu. Foilsítear Achtanna an Oireachtais in ord croineolaíoch de réir bliana, ach ní shocraítear iad de réir ábhair. Ar an ábhar sin, nuair a aimsíonn úsáideoir príomh-Acht, ar nós *an Achta um an Dlí Teaghlaigh, 1995*, ní thugann an reachtaíocht, faoi mar atá sé liostaithe go croineolaíoch, aon lámh chúnta le reachtaíocht maidir leis an dlí teaghlaigh nó leanaí a aimsiú. Liostaítear breis agus 2,000 Acht sa Liosta Rangaithe Reachtaíochta atá i bhfeidhm faoi 36 teideal ábhair. Dá bhrí sin, mar shampla, féadfaidh úsáideoir teacht ar an reachtaíocht teaghlaigh go léir faoi Theideal 17 agus an reachtaíocht go léir faoi Sheirbhísí Airgeadais agus Forais Chreidmheasa faoi Theideal 18. Déantar é a nuashonrú faoi dhó sa bhliain.

EOLAIRE REACHTAÍOCHTA

Coimeádann an Coimisiún Eolaire Reachtaíochta, innéacs d'athruithe reachtaíochta, a fhoilsítear ar láithreán gréasáin Leabhar Reachtanna na hÉireann leictreonach (eISB). Déanann sé anailís ar an reachtaíocht nua go léir, tugann sé faoi deara an tionchar a imríonn sé ar an reachtaíocht reatha, agus cuireann sé i dtaifead an tionchar i dtáblaí a bhaineann le gach Acht. Dá bhrí sin, mar shampla, leis na hathruithe go léir a fheiceáil a dhéantar ar *an Acht Comharbais, 1965* ó achtaíodh é, féadfaidh úsáideoir teacht ar Acht 1965 ar an eISB, agus an tábla ceangailte athruithe a chuardach.

Áirítear leis an Eolaire Reachtaíochta táblaí le haghaidh Achtanna roimh 1922 atá i bhfeidhm go fóill. Áirítear leis, chomh maith, táblaí d'ionstraimí reachtúla agus

tionchar reachtaíochta a d'imir ionstraimí reachtúla ón dáta reatha siar go dtí an 1 Eanáir 1997. In 2016, de bhun Cás Gnó, fuair an Coimisiún faomhadh sonrath breise do chistiú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an tEolaire a shíneadh d'ionstraimí reachtúla siar go dtí 1973 nuair a ghlac Éire le ballraíocht san Aontas Eorpach (na Comhphobail Eorpacha ag an tráth sin). I ndiaidh tabhairt faoi fheachtas earcaíochta a fógraíodh go poiblí go luath in 2017 don tionscadal seo, cuireadh tús le hobair air seo i lár 2017.

Coimeádann an Coimisiún an tEolaire Reachtaíochta in dhá fhoirm, foirm níos sine a fuair an Coimisiún le hoidhreacht in 2006, ina liostaítear leasuithe ar Achtanna amháin, agus formáid níos nua a thug an Coimisiún isteach lena n-áirítear faisnéis faoi thosach feidhme agus reachtaíocht ghaolmhar thánaisteach, anuas ar an liosta leasuithe. In 2016, síneadh an fhoirm nua ní ba nua siar ó 1999 go dtí 1996.

Coimeádadh an tEolaire Reachtaíochta cothrom le dáta go dtí laistigh de mhí nó dhó in 2016.

In 2016, chuir an Coimisiún a thiontú chun críche ar an Eolaire Reachtaíochta ó bhailiúchán comhad go dtí bunachar sonraí. Leag an obair seo an bhonnshraith d'éifeachtúlachtaí in obair na foirne um Rochtain ar Reachtaíocht.

ACHTANNA LEASAITHE

Achtanna Leasaithe

Ullmhaíonn agus nuashonraíonn an Coimisiún comhdhlúthuithe riaracháin de chuid líon méadaitheach Achtanna, arb ionann anois é agus breis agus 300, ar a dtugtar Achtanna Leasaithe. Achtanna iad thart ar leath na nAchtanna seo ón mbliain 2006 ar aghaidh a rinneadh a leasú i dtaobh téacs de, seachas Achtanna Airgeadais agus Leasa Shóisialaigh. Is éard atá i gceist leis na cinn eile, beagán de bhreis ar 130, ná grúpaí ar nós dlí fostaíochta, dlí leanaí, dlí teaghlaigh, agus Achtanna um thrácht ar bhóithre, anuas ar Achtanna eile a mbaintear go leor úsáide astu, ar nós *na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 1961*. Cabhraíonn obair an Choimisiúin ar an Eolaire Reachtaíochta le hullmhú na nAchtanna Leasaithe.

Nuashonraítear na hAchtanna Leasaithe laistigh de dhá mhí i ndiaidh go leasaítear iad agus foilsítear iad ar láithreán gréasáin an Choimisiúin. In 2016, bhí siad ceangailte ar bhonn aonair ón Acht bunúil ábhartha ar an eISB, agus cuireadh an rogha ar fáil chun iad a thaispeáint de réir Ailt agus de réir Acht iomlán i bhformáid HTML, le hanótálacha, agus de réir Acht iomlán i bhformáid PDF, le hanótálacha agus gan anótálacha. Áirítear leis na hanótálacha foinsí aon athruithe agus faisnéis faoi thosach feidhme. In 2016, nuashonraíodh breis agus 200 Acht Leasaithe, go dtí laistigh de dhá mhí, agus rinneadh roinnt ceann a nuashonrú roinnt uaireanta.

Féadtar féachaint orthu ag

<http://revisedacts.lawreform.ie/revacts/alpha>

LIOSTA RANGAITHE REACHTAÍOCHTA

Liosta Rangaithe Achtanna

Coimeádann an Coimisiún liosta Achtanna atá i bhfeidhm a rangáítear faoi 36 teideal ábhair nó teideal. Foilsítear é faoi dhó sa bhliain, agus foilsíodh eagrán 2016 i bhFeabhra agus Meán Fómhair.

Tá fáil ar reachtaíocht na hÉireann don phobal san ord a dhéantar í agus liostaítear í ar an eISB in ord croineolaíoch de réir uimhreach. Cruthaíonn seo deacrachtaí do dhlíodóirí agus don phobal araon cur amach a bheith acu ar na hAchtanna éagsúla a dhéileálann le hábhar ar nós an dlí comhshaoil, an rialtais áitiúil nó pósta. Déanann an Liosta Rangaithe na hAchtanna a ghrúpáil le chéile de réir ábhair agus is pointe rochtana áisiúil é, dá bharr. Tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin agus tá nasc leis ó leathanach baile an eISB.

Dréacht-Liosta Rangaithe d'Ionstraimí Reachtúla

I mBealtaine 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún dréacht-Liosta Rangaithe d'Ionstraimí Reachtúla chun cur le Liosta na nAchtanna. Chuimsigh sé thart ar 15,000 ionstraim reachtúil a liostaítear faoina nAchtanna cumasaithe, de chuid os cionn 35,000 ionstraim a rinneadh ó bunaíodh an Stát. Chabhraigh an t-aiseolas leis an gCoimisiún a fuarthas ó Ranna Rialtais sna 3 bliana roimhe sin. Sainaithníodh go bhfuil go leor ionstraimí spíonta, imithe as feidhm, gur cuireadh ionstraimí eile ina n-ionad nó go bhfuil siad míchuí. Beartaítear gur cheart go bhfeidhmeodh seo mar liosta oibre, go ndéanfar é a chuíchóiriú de réir a thagann níos mó faisnéise chun solais, agus go bhfeidhmeodh sé mar acmhainn do dhréachtóirí agus reachtóirí, a chruthaíonn soiléireacht níos fearr don leabhar reachtanna. Nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil an tEolaire Reachtaíochta á fhorbairt go leanúnach d'ionstraimí reachtúla, tá taisclann ann anois atá inrochtana go poiblí chun aisghairm agus athruithe eile ar ionstraimí reachtúla a bhreacadh síos. Nuashonraíodh an Liosta Rangaithe Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla le aiseolas breise agus foilsíodh é mar eagrán Mheán Fómhair.

Cuireadh tús le hobair chun na Liostaí Rangaithe a chomhtháthú le bunachar sonraí nua an Eolaire Reachtaíochta, d'fhonn nuashonruithe amach anseo ar an mbunachar sonraí agus dúbailt na hoibre a laghdú.

CAIBIDIL 4 RIARACHÁN

RÉAMHRÁ

Tá de chuspóir riarachán an Choimisiúin seirbhísí corparáideacha éifeachtacha, nua-aimseartha agus gairmiúla riaracháin agus gnó don Choimisiún d'fhonn tacú leis chun a chuspóirí a bhaint amach. Timpeallacht oibre atá sa toradh ina dtacaíonn aonaid riaracháin le hobair dhlí an Choimisiúin trí shár-sheirbhísí tacaíochta corparáideacha gnó a sholáthar, ar nós bainistíocht acmhainní daonna, bainistíocht airgeadais, tacaíocht dlí agus chorparáideach, teicneolaíocht faisnéise, agus seirbhís leabharlainne agus faisnéise.

Leagtar amach struchtúr eagraíochta an Choimisiúin (amhail Nollaig 2016) in Aguisín 1.

AN COIMISIÚN

Is éard atá sa Choimisiún ná an tUachtarán agus 4 Choimisinéir eile. Ceapann an Rialtas na Coimisinéirí do théarma a mhéid le 5 bliana, agus féadtar a gceapachán a athnuachan. Iar-bhreitheamh na hArd-Chúirte é Uachtarán an Choimisiúin, John Quirke, a athcheapadh do théarma 5 bliana in 2015. As na 4 Choimisinéir eile, bhí sé mar chleachtas 1 Choimisinéir a cheapadh ar bhonn lánaimseartha (agus, go héifeachtach, chun gníomhú, chomh maith, mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin) agus chun na 3 Choimisinéir eile a cheapadh ar bhonn páirtaimseartha. Ba é an Coimisinéir lánaimseartha a fhad le deireadh Fheabhra 2016 (nuair a thug sí a téarma oifige chun críche) an tUasal Finola Flanagan (Abhcóide), a bhí ina Stiúrthóir Ginearálta roimhe seo ar Oifig an Ard-Aighne. Ó Aibreán 2016 ar aghaidh, is é an Coimisinéir lánaimseartha Raymond Byrne (Abhcóide) a bhí ina Stiúrthóir Taighde sa Choimisiún sular ceapadh é. Ceapadh é do théarma 5 bliana, i ndiaidh próiseas ceapachán poiblí faoi choimirce an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC) agus na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (PAS). Is iad na 3 Choimisinéir (páirtaimseartha), a ceapadh do théarma 5 bliana in 2015: An tOllamh Donncha O'Connell, Scoil an Dlí, OÉ, Gaillimh, an tUasal Tom O'Malley, Abhcóide, agus Scoil an Dlí, OÉ, Gaillimh; agus an Breitheamh Onórach Carmel Stewart, breitheamh na hArd-Chúirte.

Déanann an Coimisiún moltaí leis an Rialtas maidir le hábhar an chláir um athchóiriú an dlí, déanann sé cinneadh faoi ábhair aschur taighde an Choimisiúin (a chuimsítear i bPáipéir Shaincheisteanna agus Tuarascálacha), agus déanann sé príomhchinntí riaracháin agus airgeadais. Casann an Coimisiún go foirmiúil mar chomhlacht ar a laghad 10 n-uaire gach bliain.

COISTE BAINISTÍOCHTA

Is éard atá i gCoiste Bainistíochta an Choimisiúin, Ceann an Riaracháin, an Stiúrthóir Taighde agus an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht. Casann an Coiste Bainistíochta ar bhonn rialta le hathbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna móra go léir a bhaineann le hoibriú éifeachtúil agus éifeachtach an Choimisiúin. Ar cheann de phríomhfhreagrachtaí an Choiste is ea monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn chun na spriocanna a bhaint amach a leagtar amach i bPlean Gnó Bliantúil an Choimisiúin a nuashonraítear ar bhonn ráithiúil.

FOIREANN RIARACHÁIN

Bhí Ceann an Riaracháin i measc fhoireann riaracháin agus leabharlainne an Choimisiúin, anuas ar fhoireann 5 chomhalta foirne, amhail Nollaig 2016.

I rith 2016, bhí an Riarachán freagrach go foriomlán as an méid seo a leanas:

- Bainistiú, próiseáil agus tuairisciú a dhéanamh ar na hidirbhearta airgeadais go léir sa Choimisiún
- Bonneagar cóiríochta agus TF an Choimisiúin a bhainistiú
- Feidhm acmhainní daonna an Choimisiúin a bhainistiú
- Tacaíocht riaracháin a sholáthar don fheidhm thaighde
- Tabhairt faoi roinnt feidhmeanna riaracháin maidir le seoltaí foilseachán agus Páipéir Shaincheisteanna agus Tuarascálacha (agus rith cló teoranta Tuarascálacha) a fhoilsiú ar líne.

Rinne an Riarachán socrú, ina theannta sin, chun foilseacháin an Choimisiúin agus pleanáil agus eagrú ar na tascanna éagsúla a bhaineann le seoladh fhoilseacháin an Choimisiúin, anuas ar bhainistíocht imeachta agus seirbhísí corparáideacha a bhaineann le seoltaí, seimineáir agus an chomhdháil bhliantúil.

FOIREANN TAIGHDE AGUS LEABHARLAINNE

Is é príomhról na foirne taighde chun dréacht-téacsanna a fhorbairt ar a ndéanfaidh an Coimisiún breithniú. Áirítear leis seo Páipéar Scóipeála tosaigh a ullmhú do thionscadal ina leagtar amach paraiméadair na limistéar faoi phlé. I gcéimeanna deiridh tionscadail, is éard a bhaineann leis seo ná dréacht-Pháipéar Saincheisteanna agus dréacht-Tuarascáil a fhorbairt.

An Fhoireann Taighde

Tá Stiúrthóir Taighde i gceannas ar an bhfoireann taighde um athchóiriú an dlí. Ba é Raymond Byrne, abhcóide, agus iar-mhac léinn i Scoil an Dlí agus an Rialtais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a chomhlíon an fheidhm seo a fhad le hAibreán 2016. Faoi mar a thugtar faoi deara thuas, ceapadh é mar Choimisinéir lánaimseartha in Aibreán 2016. I rith an dara leath den bhliain 2016, thug an Coimisiún faoi iomaíocht a fógraíodh go poiblí don phost agus, i bhFeabhra 2017, ghlac an tOllamh Ciarán Burke, Ollamh le Dlí, Ollscoil Jena, le post an Stiúrthóra Taighde. Déanann an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht (an tEolaire Reachtaíochta, Achtanna Leasaithe agus an Liosta Rangaithe Reachtaíochta), Alma Clissmann, Aturnae, agus an Leas-Bhainisteoir, Kate Doran, maoirsiú ar obair um Rochtain ar Reachtaíocht an Choimisiúin. I rith 2016, d'earcaigh an Coimisiún taighdeoir dlí ar conarthaí téarma sheasta óna phainéal lena chinntiú go raibh 8 bpost lánaimseartha taighdeoir dlí ann.

Stiúrann agus bainistíonn an Stiúrthóir Taighde an fhoireann um athchóiriú an dlí agus taighde dlí, agus cuireann sé comhairle agus cúnaimh ar fáil do na taighdeoirí, ag féachaint le haschur cuí agus cáilíocht oibre a dhearbhu. Áirítear leis seo tabhairt faoi thaighde ginearálta cúlra, Páipéir Scóipeála a ullmhú, dréachtcháipéisí agus dréacht-Pháipéir Shaincheisteanna agus Tuarascálacha a ullmhú do bhreithniú ag an gCoimisiún. Casann an Stiúrthóir Taighde, an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht agus an Leas-Bhainisteoir, agus fhoireann taighde dlí ar bhonn seachtainiúil mar ghrúpa chun tuairimí a mhalartú faoi na limistéir a bhfuil siad ag tabhairt faoi thaighde orthu. Spreagtar taighdeoirí chun rudaí a fhoilsiú sna hirisleabhair ábhartha dhlí i rith a

ama leis an gCoimisiún. Áirítear leis seo déileáil le limistéir ina bhfuil baint ghníomhach ag an taighdeoir.

Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise

Is é príomhról leabharlann an Choimisiúin súil a bheith leis agus freagair do riachtanais na gCoimisinéirí agus d'fhoireann taighde an Choimisiúin le haghaidh seirbhísí leabharlainne agus faisnéise.

I rith 2016, d'oibrigh an Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise i gcomhairliúchán leis na foirne taighde chun rochtain thráthúil a sholáthar ar acmhainní nua leictreonacha agus cruachóipe. Scaipeadh bullaitín inmheánach d'fhorbairtí reatha dlíthiúla, a dhíríonn ar éadálacha nua leabharlainne, ar an bhfoireann go léir ar bhonn seachtainiúil.

AIRGEADAS

Ioncam agus caiteachas

Tá an Coimisiún cistithe ag deontas ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe trí Oifig an Ard-Aighne. B'ionann an t-ioncam iomlán a fuarthas in 2016 ó gach foinse (deontas i gcabhair, glanchistiú iarchurtha ó phinsin, aistrithe chuig an gcuntas caipitil, foilseacháin a dhíol agus ioncam a fuarthas ón Roinn Coimirce Sóisialaí ina measc) agus €1,962,572.

B'ionann an caiteachas in 2016 agus €1,962,786. Chuimsigh an caiteachas tuarastail agus aoisliúntas na gCoimisinéirí agus na foirne, cíos agus forchostais áitribh, cothabháil leabharlann an Choimisiúin, cothabháil líonra TF agus costais chlódóireachta agus dáilte an Choimisiúin.

SOCRUITHE RIALACHAIS

Tá an Coimisiún freagrach agus cuntasach go foriomlán as gníomhaíochtaí an Choimisiúin. Cabhraíonn Coiste Bainistíochta, agus an fhoireann Riaracháin agus Taighde leis an gCoimisiún sa ról sin. Is é Ard-Stiúrthóir Oifig an Ard-Aighne an tOifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún.

Faoi nósanna imeachta reatha cuntasaíochta, tarraingítear cistiú anuas ó Oifig an Ard-Aighne ar bhonn míosúil trí dheontas. Comhaontú seirbhíse í seo idir an Coimisiún agus Oifig an Ard-Aighne.

Iniúchóireacht Sheachtrach

Cuireadh cuntais leithreasa don bhliain 2016 faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchóireachta. A luaithe a fhaomhtar na cuntais, cuirtear iad faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá siad curtha faoi bhráid Thithe an Oireachtais i gcomhréir leis *an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*.

An Coiste Iniúchóireachta

Déanann Coiste Iniúchóireachta Oifig an Ard-Aighne an Coimisiún a iniúchadh. In 2016, rinneadh iniúchadh ar an gCoimisiún agus níor tugadh aon saincheisteanna chun solais.

Íocaíochtaí prasa

Níor thabhaigh an Coimisiún aon phionóis mar gheall ar ús déanach i rith 2016 faoin *Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997*, arna leasú ag *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála)*, 2002.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Comhlacht poiblí is ea an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí chun críocha na *nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001*.

AN CÓD CLEACHTAIS UM RIALACHAS COMHLACHTAÍ STÁIT

I rith thréimhse na Tuarascála Bliantúla, d'oibrigh an Coimisiún go príomha faoi Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009 agus chuir sé tús le próiseas chun nósanna imeachta agus beartais a nuashonrú ar aon dul le Cód Cleachtais leasaithe 2016.

Soláthraítear sa Chód Cleachtais creat chun dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i rialachas corparáideach i measc comhlachtaí stáit tráchtála agus neamhtráchtála. Tugtar cuntas sa Chód ar cheanglais chomhlíonta atá ar na comhlachtaí neamhtráchtála, ar nós an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, sna limistéir seo a leanas, a phléitear thíos:

- Tuarascálacha, Luach Saothair agus Cuntais
- Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais
- Iompar Stiúirthóirí agus Fostaithe
- Soláthar
- Taisteal agus Cothabháil
- Bainistíocht Riosca
- Ráiteas Aschuir

Tuarascálacha, Luach Saothair agus Cuntais

Anuas ar an bhfaisnéis faoi ioncam agus airgeadas thuas, leagtar amach sna figiúirí thíos tuarastail, speansais, agus costais a tabhaíodh i ngeall ar fhreastal ar chomhdhála, don Uachtarán agus 4 Choimisinéir eile.

<i>Ainm an Choimisinéara</i>	<i>Líon na gcruinnithe ar ar freastalaíodh</i>	<i>Tuarasta / táillí</i> €	<i>Costais taistil chuig cruinnithe an Choimisiúin</i> € ⁹	<i>Freastal ar chomhdhála / léachtaí</i> €
<i>Uachtarán</i> An Breitheamh Onórach John Quirke	10	48,000	0	688
<i>Coimisinéir (lánaimseartha)</i> An tUasal Fionola Flanagan (go dtí an 29 Feabhra 2016)	2	175,193	0	0
<i>Coimisinéir (lánaimseartha)</i> An tUasal Raymond Byrne (ón 14 Aibreán 2016, ceaptha ar feadh	7	136,496	0	688

⁹ Tá na costais taistil chuig cruinnithe an Choimisiúin don Choimisinéir O'Connell agus O'Malley in 2016 bunaithe ar mheastachán, agus níor éilíodh iad ag tráth an scríofa (Meitheamh 2017).

téarma 5 bliana)				
<i>Coimisinéirí (páirtaimseartha)</i>				
An tOllamh Donncha O'Connell	10	0	1,250	0
An tUasal Tom O'Malley	9	0	1,250	0
An Breitheamh Onórach Carmel Stewart	8	0	0	0

Athcheapadh an tUachtarán in 2015 ar bhonn páirtaimseartha agus rinneadh comhaontú ar a thuarastal i gcomhréir le treoirlínte ábhartha Rialtais.

Bhí tuarastal lánaimseartha an Choimisinéara a fhad le Feabhra 2016 ar leibhéal an Ard-Rúnaí; agus ó Aibreán 2016 ar leibhéal Ard-Rúnaí Chúnta.

Faigheann na 3 Choimisinéir pháirtaimseartha tuarastal nó táill ar bith ag eascairt ó bheartas "tuarastal Stáit amháin" an Rialtais. Baineann costais taistil chuig cruinnithe an Choimisiúin do na Coimisinéirí le taisteal ó áiteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, agus níor éiligh na Coimisinéirí aon chostais taistil don bhliain 2016 go fóill.

Taisteal agus Cothabháil

Rinne an tAonad Seirbhísí Dlí agus Corparáideacha eitiltí agus cóiríocht a eagrú a íoc roimh ré i gcomhlíonadh bheartas taistil an Rialtais, agus rinneadh aon chostais eile ghaolmhara a dheimhniú. D'fhreastail comhaltaí agus foireann an Choimisiúin ar na comhdhálacha seo a leanas thar lear in 2016:

- Comhdháil ar Bhogearraí Bainistíochta Leabharlainne, Londain,
- Cruinniú Fhóram Irisí Oifigiúla na hEorpa, Vín,
- Seimineár ar chódú: réiteach dlí shibhialta ar chruacheist choitianta dlí, Institiúid Ard-Staidéir Dlí, Londain,
- Cruinniú Chomhairlí Barra agus Dhlí-Chumainn na hEorpa (CCBE) ar Rochtain ar Reachtaíocht, an Bhruiséil,
- Cruinniú bliantúil Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí Shasana/na Breataine Bige, na hÉireann, Gheirsí agus na hAlban, a bhí ar siúl i nGeirsí.

Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tá córas cuí rialaithe inmheánaigh airgeadais i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí a athbhreithnítear gach bliain ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ag Oifig an Ard-Aighne.

Iompar Coimisinéirí agus Fostaithe

Tá Cód Iompair Gnó do Choimisinéirí ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí a glacadh agus a faomhadh go foirmiúil. Státseirbhísigh iad foireann Riaracháin an Choimisiúin agus ceanglaítear orthu ceanglais Chóid Chaighdeán agus Iompair na Státseirbhíse agus *an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963*.

Soláthar

Tugann an fhoireann Riaracháin faoi sholáthar sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí a chinntíonn go bhfuil soláthar ar aon dul le ciorcláin dhlí agus Rialtais an AE. Déanann siad teagmháil rialta leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun seirbhísí lártaíthe bainistithe, sa chás go bhfuil siad ar fáil.

Clár Rioscaí an Choimisiúin

Nuashonraíodh Clár Rioscaí an Choimisiúin i Samhain 2016 agus coimeádtar é faoi athbhreithniú rialta ag an gCoimisiún.

Ráiteas Straitéise agus Plean Gnó

Is ionann na Príomhchuspóirí i *Ráiteas Straitéise 2015-2017* an Choimisiúin ar leibhéal eagraíochta agus na spriocanna a leagtar amach i bPlean Gnó an Choimisiúin. Cuimsítear sa Phlean Gnó spriocanna ráithiúla faoi gach cuspóir.

Déanann an Coiste Bainistíochta monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéantar leis na spriocanna seo a bhaint amach ar bhonn rialta.

Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Bainistítear feidhmíocht comhaltaí foirne aonair (agus taighdeoirí dlí, ar fostaithe iad ar chonarthaí téarma sheasta) trí PMDS.

ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

I gcomhréir le *Rialacháin na gComhphobail Eorpacha (Éifeachtúlacht Úsáid Deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh)*, 2009 (I.R. Uimh. 542 de 2009), agus Treoir 2006/32/CE, chinntigh an Coimisiún i rith 2016 go ndeachaigh sé i mbun na mbeart cuí i dtaca le bearta caomhnaithe agus laghdaithe fuinnimh.

AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 2014

Leanann an Coimisiún lena chuid oibleagáidí faoin *Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014* a chomhlíonadh i gcomhréir lena Scéim um Shaoráil Faisnéise (SF), a fhoilsítear ar a láithreán gréasáin, www.lawreform.ie. Logáiltear iarrataí SF ar Loga SF an Choimisiúin, atá mar chuid dá Scéim SF. In 2015, fuair an Coimisiún dhá iarraidh SF, nár ceadáíodh mar gheall gur eascair an t-ábhar a iarradh ó chomhlachtaí a bhfuil a n-ábhar díolmhaithe ó Acht 2014. In 2016, fuair an Coimisiún 1 iarraidh SF faoi Acht 2014, nár ceadáíodh mar gheall gur bhain an fhaisnéis a iarradh le *Tuarascáil 2005 ar Dhlíthíocht Ipháirtí* an Choimisiúin (CAD 76-2005), agus, ar an ábhar sin, cuireadh an fhaisnéis sin le chéile roimh 2008, an dáta a tháinig Acht 2014 i bhfeidhm don Choimisiún. I gcomhréir leis an treoir ábhartha, áfach, chas an Coimisinéir lánaimseartha leis an iarratasóir a bhí i gceist agus phléigh siad i dtéarmaí ginearálta an smaointeoireacht ónar eascair Tuarascáil 2005.


AN TACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Ceanglaítear ar an gCoimisiún, mar chomhlacht poiblí, faoi alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta, 2014* tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis an líon nochtadh cosanta a rinneadh leis an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagairt d'aon nochtadh cosanta den saghas sin.

Níor dhearnadh aon nochtadh cosanta leis an gCoimisiún sa tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016.

AGUISÍN 1
Cairt Eagraíochta an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí in 2016





AGUISÍN 2

Roinnt Imeachtaí de chuid an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí in 2016

Eanáir

- Cuireadh toscaireacht ar bun ó Oifig Dlí Phoblacht na Cipire.
- Freastalaíodh ar chruinniú an Ghrúpa Ríomhreachtaíochta, Roinn an Taoisigh (agus i gcaitheamh na bliana)
- *Páipéar Saincheisteanna maidir le Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha* (CAD IP 8-2016)
- Cuireadh agallaimh ar an Uachtarán Quirke i dtaca le *Páipéar Saincheisteanna maidir le Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha*, an 27 Eanáir (RTÉ, Raidió 1, Morning Ireland; Newstalk, Pat Kenny)

Márta

- *2 chruinniú comhchéime, a bhain le fianaise shaineolaí agus chlostrácht, cuid de chomhairliúchán ónar eascair Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Ghnéithe Dhlí na Fianaise* (CAD 117-2016).

Aibreán

- Ceardlann 2 lá le daoine óga maidir le cumarsáid dhíobhálach, a d'éascaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, cuid de chomhairliúchán a raibh *Tuarascáil ar Chumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach* (CAD 116-2016) mar thoradh air.
- *Páipéar Saincheisteanna ar Alt 117 den Acht Comharbais, 1965* (CAD IP 9-2016)
- Cuireadh agallaimh ar an gCoimisinéir O'Malley, a bhain le *Páipéar Saincheisteanna ar Alt 117 den Acht Comharbais, 1965*, an 25 agus an 26 Aibreán (RTÉ, Raidió 1, Morning Ireland; Highland Radio, Caroline Orr)
- Cuireadh agallamh ar an gCoimisinéir Byrne, a bhain le *Páipéar Saincheisteanna ar Alt 117 den Acht Comharbais, 1965*, an 25 Aibreán (Newstalk, Pat Kenny)

Meitheamh

- D'fhreastail an tUachtarán Quirke agus an Coimisinéir Byrne ar chruinniú bliantúil Choimisiúin Dlí Shasana/na Breataine Bige, na hÉireann, Gheirsí agus na hAlban, a bhí ar siúl i nGeirsí.

Iúil

- *Páipéar Saincheisteanna ar Dhíspeagadh Cúirte agus Cionta agus Tortanna Eile lena mbaineann Riar an Chirt* (CAD IP 10-2016)

Meán Fómhair

- *Tuarascáil ar Chumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach* (CAD 116-2016)
- Cuireadh agallaimh ar an gCoimisinéir O'Connell, maidir le *Tuarascáil ar Chumarsáid agus Sábháilteacht Dhigiteach*, an 27 agus an 28 Meán Fómhair (RTÉ Raidió 1, Morning Ireland; Galway FM)

- Óstáladh cuairt an Uasail Douglas White, QC, Cathaoirleach Choimisiún Dí na Nua-Shéalainne, agus cuairt ar an gCúirt Achomhairc, a d'óstáil an Breitheamh Onórach Mary Finlay Geoghegan agus an Breitheamh Onórach Gerard Hogan.

Samhain

- Comhdháil Bhliantúil an Choimisiúin, a bhí ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, maidir le Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha, mar chuid den phróiseas comhairliúcháin a d'eascair as *Páipéar Saincheisteanna maidir le Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha* (CAD IP 8-2016)

Nollaig

- *Páipéar Saincheisteanna maidir le hInrochtaineacht, Comhdhlúthú agus Reachtaíocht a Fhoilsiú ar Líne* (CAD IP 11-2016)
- *Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Ghnéithe Dhlí na Fianaise* (CAD 117-2016)